

Grianghraf : ©Tom Kelly

# Comórtas Grianghrafadóireachta

Spriocdáta: Eanáir 17, 2014

## Téama: An Geimhreadh

- **Duaiseanna breátha!**
- **Dhá rannóg – faoi, agus os cionn, ocht mbliana déag d'aois.**
- **Glactar le cóipeanna crua nó leaganacha digiteacha jpeg.**
- **Is féidir le gach iontrálaí trí phictiúr a chur isteach.**
- **Eanáir 17, 2014 an spriocdáta le haghaidh iontrálacha.**
- **Foilseofar na pictiúir is fearr in eagrán an Earraigh den Timire.**

An gceapann tú go bhfuil féith na grianghrafadóireachta agat? Nuair a fheiceann tú grianghraif in irisí nó i nuachtáin, an ritheann an nóisean leat go mbeifeá féin in ann pictiúir níos fearr a thógáil? Bhuel, seo é do sheans. Is é "An Geimhreadh" téama an chomórtais. Breathnaigh ar na grianghraif shamplacha anseo – is féidir cur chuige ar bith a bheith agat, fad is atá nasc ag d'obair ar bhealach éigin leis an nGeimhreadh. Is féidir díriú isteach ar dhaoine, ar an aimsir, ar an tírdhreach, ar chathracha agus bailte, ar an nadúr nó pé ábhar ar bith eile a thaitníonn leat.





Grianghraf : ©Dermot Kelly

### Na duaiseanna?

Tá dhá rannóg sa gcomórtas:
**(1)** Dóibh siúd atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.
**(2)** Dóibh siúd atá os cionn ocht mbliana déag d'aois.
**Sa rannóg (1)** thuas, beidh dearbhán leabhair ar fiú e60 é, mar chéad duais. Beidh dearbháin ar fiú e10 iad, mar fhodhuaiseanna do cheathrar iontrálaí eile.
**Sa rannóg (2)** thuas, beidh dearbhán leabhair ar fiú e60 é, mar chéad duais. Beidh dearbháin ar fiú e10 iad, mar fhodhuaiseanna do cheathrar iontrálaí eile.
Déanfaidh coiste eagarthóireachta *An Timire* an breithiúnas ar an gcomórtas. Ní ghlacfar le comhfhreagras maidir le cinntí an choiste.

### An bhfoilseofar saothar na mbuaiteoirí?

Feicfear obair na mbuaiteoirí in eagrán an Earraigh den *Timire*.

### Cá seolfaidh mé mo phictiúir?

Is féidir na grianghraif a chur chuig an seoladh ríomhphost seo: antimire@gmail.com Íomhanna ardtaifigh atá i gceist – thart fá 300 ppi. Ba cheart do na comhaid a bheith níos mó ná 1 Mb. Má tharlaíonn sé nach bhfuil do chuntas ríomhphost in ann déileáil le comhaid den mhéid sin, cinnte glacfar le comhaid atá níos lú.

Nó, is féidir cóipeanna crua a sheoladh chuig: **An Timire, 37 Sráid Líosáin Íocht, Baile Átha Cliath 2.** Ná déan dearmad gurb é trí phictiúr an méid is mó is féidir le duine amháin a chur isteach. Is é Eanáir 17, 2014, an spriocdáta le haghaidh an chomórtais. Is oth linn a rá nach féidir aon saothar a fhaightear tar éis an spriocdáta a chur san áireamh sa gcomórtas.

---

**Foclóirín:** Íomhánna ardtaifigh: *high resolution images*; Spriocdáta: *deadline*